An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
Department of Children, Equality, Disability, Integration and Youth

## An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige

# Beartas um Chosaint Sonraí

Is é cuspóir an bheartais seo chun ráiteas soiléir a sholáthar ar thiomantas na Roinne chun cearta agus príobháideachas daoine aonair a chosaint i gcomhréir leis an gcreatlach a bhaineann leis an ábhar um Chosaint Sonraí. Baineann ardtábhacht, dar linne, leis na sonraí pearsanta go léir a láimhseáil i gceart, go dleathach agus go cothrom a bhaineann le cearta dlíthiúla, príobháideachas agus iontaoibh gach duine aonair a ndéileálaimid leo nó a ndéanaimid idirghníomhú leo.

**Meitheamh 2019**

# Clár Ábhar


1. Réamhrá ... 3
2. Scóip ... 3
3. Cad iad Sonraí Pearsanta? ... 4
4. Prionsabail an Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí ... 4
5. Fógra Príobháideachais ... 5
6. Cearta Ábhar Sonraí ... 6
7. Oifigeach Cosanta Sonraí ... 7
8. Sárú ar Shonraí Pearsanta ... 8
9. Oiliúint agus Faisnéis ... 8
10. Saoráil Faisnéise ... 8
11. Athbhreithniú agus Nuashonrú ... 9

Teagmhálaithe Áisiúla ... 10

Gluais Téarmaí ... 11

# Beartas um Chosaint Sonraí

## 1. Réamhrá

1.1. Is é Cosaint Sonraí an bealach a chosnaítear cearta príobháideachais daoine aonair (ar a dtugtar "ábhair shonraí") maidir lena sonraí pearsanta a phróiseáil. Tá an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige ("an Roinn") tiomanta do chearta agus saoirse ábhair shonraí a chosaint, agus a sonraí a phróiseáil go sábháilte agus go slán i gcomhréir le hoibleagáidí dlíthiúla, comhlíonadh an Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí (an RGCS) ina measc.

1.2. Próiseálaimid sonraí pearsanta fostaithe, cliant, soláthraithe, agus daoine aonair eile do chuspóirí gnó éagsúla. Is féidir a áireamh leis seo catagóirí speisialta de shonraí pearsanta a phróiseáil (ar a dtugtar "sonraí pearsanta íogaire" chomh maith). Baineann ardtábhacht, dar linne, leis na sonraí pearsanta go léir a láimhseáil i gceart, go dleathach agus go cothrom a bhaineann le cearta dlíthiúla, príobháideachas agus iontaoibh gach duine aonair a ndéileálaimid leo nó a ndéanaimid idirghníomhú leo.

1.3. Ráiteas atá sa bheartas seo ar ár dtiomantas chun cearta agus príobháideachas na ndaoine aonair siúd a chosaint i gcomhréir leis an RGCS agus na hAchtanna um Chosaint Sonraí. Leagtar amach ann conas a lorgaímid sonraí pearsanta a phróiseáil agus a chinntiú go dtuigeann ár bhfostaithe, comhrialálaithe agus próiseálaithe sonraí tríú páirtí na rialacha a rialaíonn an úsáid a bhaineann siad as na sonraí pearsanta a bhfuil teacht acu orthu i gcaitheamh dóibh oibriú thar ár gceann.

## 2. Scóip

2.1. Baineann an beartas seo leis na sonraí pearsanta go léir a cruthaíodh nó a fuarthas i gcaitheamh ár ngnó, gan aird ar fhormáid nó aois, agus baineann sé le gach láthair ina gcoimeádaimid sonraí pearsanta. Is féidir sonraí pearsanta a choimeád nó a tharchur i bhformáid pháipéir nó i bhformáidí fisiciúla agus leictreonacha eile.

2.2. Tabharfar sonraí pearsanta, chomh maith céanna, ar na sonraí pearsanta agus catagóire speisialta go léir sa bheartas seo, mura luaitear a mhalairt go sonrach.

2.3. Baineann na beartas seo leis an méid seo a leanas:

- Aon duine atá fostaithe ag an Roinn agus a phróiseálann sonraí pearsanta fad a bhíonn siad fostaithe;
- Daoine aonair nach bhfuil fostaithe go díreach nó atá fostaithe linn ach atá fostaithe ag conraitheoirí (nó fochonraitheoirí) a phróiseálann sonraí pearsanta fad a thugann siad faoina ndualgais dúinn.

2.4. Féadfaidh an Roinn an beartas seo a leasú ag aon tráth.

# 3. Cad iad Sonraí Pearsanta?

3.1. Is ionann sonraí pearsanta agus aon fhaisnéis ar féidir leo duine aonair a shainaithint, go díreach nó go hindíreach. Áirítear leis seo ainm, uimhir aitheantais, sonraí faoi láthair (mar shampla, sonraí faoi láthair a bhailigh guthán póca) nó seoladh poist, stair bhrabhsála ar líne, íomhánna nó aon rud eile a bhaineann le haitheantas fisiciúil, fiseolaíoch, géiniteach, meabhrach, geilleagrach, cultúrtha nó sóisialta duine.

3.2. Teastaíonn cosaintí agus riachtanais níos láidre le haghaidh **'catagóirí speisialta sonraí pearsanta'**, nach féidir iad a phróiseáil ach faoi chúinsí ar leith a dtugtar cuntas orthu in Airteagal 9 den RGCS. Is iad na catagóirí speisialta seo:

- Bunadh ciníoch nó eitneach
- Tuairimí polaitiúla
- Creidimh reiligiúnacha nó fhealsúnacha
- Ballraíocht de cheardchumann
- Sonraí a bhaineann le sláinte
- Sonraí a bhaineann le saol gnéis nó gnéaschlaonadh duine
- Sonraí géiniteacha
- Sonraí bithmhéadracha

# 4. Prionsabail an Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí

4.1. Tugtar cuntas sa mhéid seo a leanas ar phrionsabail an Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí (Airteagal 5). Ceanglaítear ar an Roinn cloí leis na prionsabail seo.

### *Dlíthiúlacht, Cothroime agus Trédhearcacht*

4.2. Caithfear na sonraí go léir a phróiseáil go dleathach, agus ar bhealach atá cothrom agus trédhearcach. Cuirfear an t-ábhar sonraí ar an eolas go soiléir faoi conas atá a sonraí á bpróiseáil ag an am atá siad á mbailiú agus cé leis a roinntear a sonraí. Ní nochtfar na sonraí seo go neamhdhleathach do thríú páirtí.

4.3. Tá Fógra Príobháideachais ginearálta ar fáil lena léamh ar ár láithreán gréasáin agus mínítear ann conas a phróiseáiltear sonraí pearsanta.

### *Bailítear sonraí ar chuspóirí sonraithe, soiléire agus dlisteanacha*

4.4. Ní bhaileoimid sonraí ó ábhair shonraí ach ar chuspóir ar leith, agus cuirfear an cuspóir seo in iúl go soiléir don ábhar sonraí ag an am a bhailítear na sonraí. A luaithe a bhailítear sonraí ar chuspóir ar leith, ní dhéanfar iad a phróiseáil ar aon chuspóir neamh-chomhoiriúnach eile.

### *Beidh sonraí pearsanta leordhóthanach, ábhartha agus teoranta don mhéid atá riachtanach maidir leis na cuspóirí dá bpróiseáiltear iad*

4.5. Cinnteoidh an Roinn go mbeidh aon sonraí a fhaightear ón ábhar sonraí leordhóthanach agus ábhartha leis an gcuspóir/na cuspóirí dá bhfuil siad á bpróiseáil. Ní phróiseálfar aon sonraí pearsanta neamhriachtanacha nó breise nuair a sásaíodh an bunchuspóir.

### *Beidh sonraí pearsanta cruinn agus, sa chás gur riachtanach, coimeádfar cothrom le dáta iad*

4.6. Déanfar gach iarracht lena chinntiú go mbíonn na sonraí go léir a bhailítear ó ábhair shonraí cruinn. Nuair a chuirtear ar an eolas sinn ar aon sonraí míchruinne, cuirfimid é seo ina cheart, faoi réir fíorú cuí.

4.7. B'fhéidir nach mbeidh sé féideartha i gcónaí chun sonraí míchruinne a cheartú mar gheall ar an mbealach a choimeádtar an taifead (e.g. pdf scanta). Sna cásann seo cuirtear ráiteas forlíontach leis an taifead.

### *Sonraí a choimeád i bhfoirm nach gceadaíonn ábhair shonraí a shainaithint ar feadh níos faide ná mar is gá*

4.8. Ní choimeádfar sonraí níos faide ná mar is gá i gcomhthéacs na gcuspóirí dá mbailíodh agus dá bpróiseáladh na sonraí i dtosach, faoi réir aon oibleagáidí ábhartha cartlannaithe.

### *Sonraí a phróiseáil ar bhealach a chinntíonn slándáil chuí sonraí pearsanta*

4.9. Próiseálfar na sonraí go léir go sábháilte agus go slán, chun cosc a chur ar phróiseáil neamhdhleathach nó neamhúdaraithe, milleadh de thimpiste nó neamhdhleathach, nó caillteanas nó díobháil de thimpiste a dhéanamh do na sonraí.

### *Freagracht as na prionsabail thuas a chur i bhfeidhm*

4.10. Mar Rialaitheoir Sonraí, glacaimid le freagracht as cloí leis na prionsabail thuas ag gach tráth i rith an ghnó. Coimeádfaimid cuntas ar na sonraí pearsanta go léir a bailíodh, a coimeádtar nó a phróiseáiltear ar bhealach eile, ar a dtugtar 'Cuntas ar Ghníomhaíochtaí Próiseála (CAGP)'. Cuirfear na sonraí seo a leanas i dtaifead:

- Ainm agus sonraí teagmhála an Rialaitheora, agus nuair is infheidhme, an Chomh-Rialaitheora agus an Oifigigh Chosanta Sonraí;
- Cuspóirí na próiseála;
- Catagóirí ábhair shonraí agus sonraí pearsanta;
- Catagóirí faighteoirí/tríú páirtithe a roinnfear na sonraí leo;
- Tréimhsí coinneála do gach catagóir shonraí;
- Aistrithe sonraí chuig tríú tíortha; agus
- Sonraí faoi bhearta teicniúla/slándála atá i bhfeidhm.

## 5. Fógra Príobháideachais

Ceanglaítear ar an Roinn Fógra Príobháideachais a eisiúint sna cásanna seo a leanas:

- Tá faisnéis á bailiú go díreach ó dhuine aonair - caithfear an Fógra Príobháideachais a sholáthar ag an bpointe ag a mbailítear na sonraí;
- Faightear faisnéis ó fhoinse eile - caithfear an Fógra Príobháideachais a sholáthar laistigh de mhí amháin i ndiaidh na sonraí a fháil, agus is fearr seo a dhéanamh ag an gcéad phointe teagmhála.

Tá Fógra Príobháideachais ginearálta ar fáil lena léamh ar ár láithreán gréasáin agus mínítear ann conas a phróiseáiltear sonraí pearsanta.

## 6. Cearta Ábhar Sonraí

Táimid tiomanta do chabhrú le daoine aonair chun na cearta ábhar sonraí seo a leanas a chur i bhfeidhm:

### *Ceart Rochtana*

Is féidir le hábhar sonraí iarraidh fhoirmiúil a dhéanamh ar chóip dá sonraí pearsanta atá á bpróiseáil againn. Ní ghearrtar aon táille ar an iarraidh siúd a dhéanamh, cé gur féidir táille a ghearradh ar iarrataí iomarcacha nó athfhillteacha. Cuirtear sonraí breise ar fáil i ***mBeartas Cearta Ábhar Sonraí***. Is féidir Iarraidh ar Rochtain ag Ábhar a dhéanamh trí ríomhphost a sheoladh chuig: sar@equality.gov.ie

### *Ceart chun ceartú*

Táimid tiomanta do shonraí cruinne a choimeád agus oibreoimid le haon ábhar sonraí lena chinntiú gur féidir linn aon sonraí a cheartú nuair a sainaithníodh míchruinnis.

### *Ceart chun scriosta (an ceart go ligfear i ndearmad)*

Ní bhíonn an ceart seo i bhfeidhm más rud é go mbíonn ceann de na coinníollacha seo a leanas i bhfeidhm:

- an ceart a bhaineann le saoirse chun tuairimí a nochtadh nó le heolas a fháil;
- i gcás nuair a chloítear le dualgas dlí;
- nuair a dhéantar cion oibre ar mhaithe le leas an phobail nó le feidhmiú údaráis oifigiúil;
- chun cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail chun críoch taighde eolaíochta nó staire, nó chun críoch staidrimh agus má dhéantar scriosadh ní fhéadfar na sonraí pearsanta a phróiseáil nó má dhéantar go mbeidh sé nach mór indéanta an phróiseáil a dhéanamh.
- chun éileamh dlíthiúil a bhunú, a fheidhmiú nó a chosaint.

### *Ceart chun próiseáil a shrianadh*

Nuair a fhaightear iarraidh ó ábhar sonraí ar phróiseáil a shrianadh faoi chúinsí áirithe, déanfaimid measúnú ar cé acu an féidir nó nach féidir an srianadh a chur i bhfeidhm, agus cuirfimid é seo in iúl don duine aonair. D'fhéadaimis gan glacadh leis an iarratas má mheastar:

- nach bhfuil aon bhunús leis; nó
- go bhfuil sé iomarcach.

### *Ceart chun agóide*

Tá ceart ag ábhar sonraí chun agóid a dhéanamh i gcoinne phróiseáil a sonraí pearsanta faoi chúinsí ar leith. Nuair a dhéantar an agóid sin, déanfaimid é a mheasúnú ar a fhiúntas.

### *Ceart i dtaobh iniomparthacht sonraí*

Nuair atá sonraí pearsanta bailithe againn le toiliú nó faoi chonradh, tá ceart ag an ábhar sonraí atá i gceist chun na sonraí a fháil i bhfoirm choitianta atá inléite ag meaisín lena dtabhairt do rialaitheoir sonraí eile. Braithfidh an ceart seo a fheidhmiú ar indéantacht theicniúil na hiarrata.

### *Cearta a bhaineann le cinnteoireacht uathoibrithe, próifíliú ina measc*

Tá ceart ag ábhar sonraí gan bheith faoi réir cinnidh nach bhfuil bunaithe ach ar phróiseáil uathoibrithe amháin, nuair a bhíonn éifeacht dhlíthiúil nó shuntasach ag na cinntí siúd a bhaineann leis nó léi. Cinnteoimid, sa chás go n-úsáideann córais nó próisis cinnteoireacht nó próifíliú uathoibrithe, go mbíonn ceart achomhairc cuí ar fáil don ábhar sonraí agus an ceart go mbeidh duine ar fáil chun idirghabháil a dhéanamh sa phróiseas cinnteoireachta.

### *Ceart chun gearán a dhéanamh*

Mura bhfuil ábhar sonraí sásta leis an tseirbhís a fuarthas, tá fáilte rompu teagmháil a dhéanamh le hOifigeach Cosanta Sonraí (OCS) na Roinne. Tá ceart acu, chomh maith, teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún Cosanta Sonraí go díreach. Cuirtear na sonraí teagmhála ábhartha go léir ar fáil thíos.

### *Ceart chun réiteach éifeachtach breithiúnach*

Tá ceart ag ábhar sonraí éileamh dlíthiúil a dhéanamh nuair a chreideann siad go ndearnadh difear dóibh i ndiaidh nár chomhlíon an Roinn (agus/nó a próiseálaithe) na hoibleagáidí ábhartha um chosaint sonraí.

## 7. Oifigeach Cosanta Sonraí

7.1. Cheap an Roinn Oifigeach Cosanta Sonraí (OCS) go foirmiúil.

7.2. Ba cheart an OCS a chur san áireamh in aon cheisteanna a bhaineann le cosaint sonraí a luaithe agus is féidir, measúnuithe tionchair príobháideachais agus gníomhaíochtaí um próiseáil sonraí ina measc a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'ábhair shonraí, agus teagmhais a dhéanann difear dá sonraí.

### *Freagrachtaí an OCS*

7.3. Beidh an OCS freagrach as an méid seo a leanas:

- Gníomhú mar abhcóidí le haghaidh cosaint sonraí laistigh den Roinn;
- Eolas agus comhairle a chur ar fáil don Roinn, a fostaithe, agus a próiseálaithe sonraí tríú páirtí ar a hoibleagáidí faoin RGCS;
- Monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh an RGCS agus na nAchtanna um Chosaint Sonraí ag an Roinn agus ar bheartais Roinne maidir le sonraí pearsanta a chosaint, feasacht a mhúscailt ina measc ar na beartais seo i measc fostaithe, oiliúint foirne agus iniúchóireacht ábhartha agus leanúnach a chinntiú agus athbhreithniú a dhéanamh ar chórais agus nósanna imeachta Roinne;
- Chun gníomhú mar phointe teagmhála do (i) an Coimisiún Cosanta Sonraí, agus (ii) ábhair shonraí i dtaca le feidhmiú a gceart um chosaint sonraí;

- Rúndacht a chinntiú maidir lena ról.

### *Teagmháil a dhéanamh leis an OCS*

7.4. Tugtar cuntas ar shonraí teagmhála an OCS faoi ***Teagmhálaithe Áisiúla*** thíos.

## 8. Sárú ar Shonraí Pearsanta

### *Cad é sárú ar shonraí pearsanta?*

8.1. Is é an sainmhíniú a thugtar ar shárú ar shonraí pearsanta sárú ar shlándáil óna n-eascraíonn milleadh, cailleadh, athrú, nochtadh nó rochtain neamhúdaraithe de thimpiste nó neamhdhleathach ar shonraí pearsanta a tharchuirtear, a stóráiltear nó a phróiseáiltear ar bhealach eile.

### *Sárú a thabhairt le fios*

8.2. Caitheann an Roinn le sáruithe ar shonraí mar ábhar an-tromchúiseach. Ba cheart an OCS a chur ar an eolas ar shárú ar shonraí láithreach. Déanfaidh an OCS aon chumarsáid ábhartha a dhéantar leis an gCoimisiún Cosanta Sonraí a bhainistiú.

8.3. Coimeádfaidh an Roinn taifead ar aon sárú a tharlaíonn, cur síos ina measc ar an sárú, a éifeachtaí agus an gníomh ceartaitheach a rinneadh.

8.4. Nuair a bhíonn ardriosca i leith cearta agus saoirse ábhar sonraí mar thoradh ar an sárú ar shonraí, tá dualgas ar an Roinn chun an ábhar sonraí a chur ar an eolas gan mhoill mhíchuí.

## 9. Oiliúint agus Faisnéis

### *Oiliúint*

9.1. Cuirfidh an Roinn rochtain ar fáil ar oiliúint um chosaint sonraí do gach fostaí, a bhaineann go sonrach lena ról. Déanfar an oiliúint seo a athbhreithniú agus a athnuachan go tréimhsiúil le forbairt ghairmiúil leanúnach a chinntiú sa limistéar um chosaint sonraí.

9.2. Tá fostaithe freagrach as a chinntiú go bhfreastalaíonn siad ar an oiliúint sin agus as bearnaí a shainaithint a bhraitheann siad gur cheart dul i ngleic leo.

### *Faisnéis*

9.3. Cuirfear gach fostaí, comhrialaitheoir agus próiseálaí tríú páirtí a oibríonn thar ceann na Roinne ar an eolas go hiomlán ar a bhfreagrachtaí um chosaint sonraí.

## 10. Saoráil Faisnéise

Leagtar dualgas san Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014 (SF) ar an Roinn faisnéis a fhoilsiú ar a gníomhaíochtaí agus an fhaisnéis a choimeádann sé, faisnéis phearsanta ina measc, a chur ar fáil do shaoránaigh ar iarraidh sin agus faoi chúinsí áirithe. Tá beartas SF ar leith ag an Roinn. Tá rialacha ar leith SF ann a chumhdaíonn faisnéis phearsanta.

## 11. Athbhreithniú agus Nuashonrú

Is féidir an beartas seo a athbhreithniú ó thráth go chéile le haon athruithe a thagann ar struchtúr eagraíochta na Roinne, cleachtais ghnó agus/nó athruithe ar an reachtaíocht a chur san áireamh.

## Teagmhálaithe Áisiúla

| **An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige,** | **An Coimisiún um Chosaint Sonraí** |
|---|---|
| An tOifigeach Cosanta Sonraí,<br>An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige,<br>Bloc 1 – Plaza Miesach,<br>50-58 Sráid Bhagóid Íochtarach,<br>Baile Átha Cliath 2,<br>D02 XW14. | (1) 21 Cearnóg Mhic Liam<br>Baile Átha Cliath 2<br>D02 RD28<br><br>(ii) Teach na Canála<br>Bóthar an Stáisiúin<br>Cúl an tSúdaire<br>Contae Laoise<br>R32 AP23<br><br>www.dataprotection.ie<br><br>www.gdprandyou.ie |
| Guthán: +353 1 647 3183<br>Ríomhphost: dpocontact@equality.gov.ie<br>Iarrataí Rochtana ag Ábhar: sar@equality.gov.ie | Guthán: +353 57 868 4800<br>+353 (0) 761 104 800<br>Uimhir Ghlao Áitiúil: 1890 252 231<br>Facs: +353 57 868 4757<br>Ríomhphost: info@dataprotection.ie |

## Gluais Téarmaí

| | |
|---|---|
| Cuntasacht | Ciallaíonn **'Cuntasacht'** bheith in ann comhlíonadh phrionsabail an RGCS a thaispeáint. Caithfidh bearta cuí teicniúla agus eagraíochta a bheith i bhfeidhm ag an Roinn le bheith in ann comhlíonadh a thaispeáint. |
| Sonraí uathoibrithe | Ciallaíonn **'sonraí uathoibrithe'** aon fhaisnéis ar ríomhaire, nó faisnéis a taifeadadh agus é ar intinn é a chur ar ríomhaire. Airítear leis ní hamháin bunachair shonraí struchtúracha ach ríomhphoist, cáipéisí oifige nó íomhánna CCTV, chomh maith. |
| Toiliú | Is ionann **'toiliú'** agus aon "léiriú gan srian, sonrach, eolach agus glan soiléir a thugtar" i dtaobh mhianta an duine aonair a thugann comhaontú le sonraí pearsanta a bhaineann leo a phróiseáil ar chuspóir sonrach amháin nó níos mó cé acu trí ráiteas nó trí ghníomh soiléir deimhneach.<br><br>Ciallaíonn an gníomh deimhneach, nó roghnú dearfach, nach féidir a thuiscint gur tugadh toiliú mura ndearna/ndúirt siad rud ar bith, trí bhoscaí réamhthiceáilte, nó trí neamhghníomhaíocht. Ba cheart go mbeadh sé ar leithligh, chomh maith leis sin, ó théarmaí agus coinníollacha, agus ba cheart go mbeadh bealach simplí ann leis an toiliú a aistarraingt. Beidh ar údaráis phoiblí agus fostóirí aird ar leith a thabhairt ar a chinntiú go dtugtar toiliú gan srian. |
| Rialaitheoir Sonraí | Ciallaíonn **'rialaitheoir sonraí'** an duine nádúrtha nó dlíthiúil, an t-údarás poiblí, an ghníomhaireacht nó an comhlacht eile a dheimhníonn leis féin nó le comhlachtaí eile, cuspóirí agus bealaí próiseála sonraí pearsanta; nuair a dheimhnítear sa dlí cuspóirí agus bealaí na próiseála sin. |
| Próiseálaí Sonraí | Ciallaíonn '**Próiseálaí Sonraí'** duine nádúrtha nó dlíthiúil, an t-údarás poiblí, an ghníomhaireacht nó an comhlacht eile a phróiseálann sonraí pearsanta thar ceann an rialaitheora ach nach n-áirítear fostaí den rialaitheoir sonraí leis a phróiseálann na sonraí siúd i gcaitheamh a f(h)ostaíochta.<br><br>I gcomhthéacs na Roinne, d'áireofaí leis seo an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (Peoplepoint agus an tIonad Seirbhísí Comhroinnte Párolla), Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais agus Pobal. |
| An tOifigeach Cosanta Sonraí | Caithfear **'Oifigeach Cosanta Sonraí'** a cheapadh i gcomhréir leis na rialacháin sna cásanna seo a leanas (a) tugann údarás poiblí faoin bpróiseáil; nó (b) ceanglaítear in "croíghníomhaíochtaí" rialaitheoir sonraí / próiseálaí sonraí go ndéantar "monatóireacht rialta agus chórasach ar ábhair shonraí ar scála mór", nó nuair a bhíonn próiseáil á déanamh ar chatagóirí speisialta de shonraí nó de shonraí a bhaineann le ciontuithe cionta coiriúla "ar scála mór". |
| Ábhar Sonraí | Duine nádúrtha (duine aonair) atá mar ábhar na sonraí pearsanta. |
| Comhrialaitheoir | Déanann comhrialaitheoirí, faoi mar a shainmhínítear in Airteagal 26 den RGCS, comhchinneadh ar na cuspóirí agus na bealaí a phróiseáiltear sonraí pearsanta. |
| Sonraí Pearsanta | Ciallaíonn **'Sonraí Pearsanta'** aon fhaisnéis a bhaineann le duine nádúrtha sainaitheanta nó inaitheanta ('ábhar sonraí'); duine atá i nduine inaitheanta nádúrtha ar féidir é/í a shainaithint, go díreach nó go hindíreach, go háirithe trí thagairt d'aitheantóir ar nós ainm, uimhir aitheantais, sonraí láithreach, |

| | |
|---|---|
| | aitheantóir ar líne nó do thoisc amháin nó níos mó a bhaineann go sonrach le haitheantas fisiciúil, fiseolaíoch, géiniteach, meabhrach, geilleagrach, cultúrtha nó sóisialta an duine nádúrtha sin. |
| Próiseáil | Ciallaíonn **'próiseáil'** aon oibríocht nó sraith oibríochtaí a dhéantar ar shonraí pearsanta nó ar shraitheanna sonraí pearsanta, cé acu ar bhealaí uathoibrithe nó a mhalairt, ar nós bailiú, taifeadta, eagrú, struchtúrú, stórála, oiriúnú nó athrú, aisghabhála, comhairliúcháin, úsáide, nochta trí tharchur, scaipthe nó a chur ar fáil ar bhealach eile, ailíniú nó measctha, srianta, scriosta nó millte. |
| Próifíliú | Is ionann **'próifíliú'** agus aon fhoirm de phróiseáil uathoibrithe sonraí pearsanta atá in ainm is meastóireacht a dhéanamh ar ghnéithe pearsanta áirithe a bhaineann le duine aonair, nó anailís nó tuar a dhéanamh i bhfeidhmíocht ag an obair, cás geilleagrach, láthair, sláinte, roghanna pearsanta, iontaofacht, nó iompar ar leith an duine sin. |
| Sonraí pearsanta íogaire | Féach **'Catagóirí Speisialta de Shonraí Pearsanta'** |
| Catagóirí Speisialta de Shonraí Pearsanta | Áirítear le **'catagóirí speisialta sonraí'** faisnéis faoin méid seo a bhaineann le duine aonair: bunadh ciníoch nó eitneach, tuairimí polaitiúla, creidimh reiligiúnacha nó a mhacasamhail de chreidimh, ballraíocht de cheardchumann (nó neamhbhallraíocht), sláinte nó bail fhisiciúil nó mheabhrach, cionta coiriúla, nó imeachtaí gaolmhara, agus faisnéis ghéiniteach agus bhithmhéadrach — ba cheart aon úsáid a bhaintear as catagóirí speisialta de shonraí pearsanta a rialú go dian i gcomhréir leis an mbeartas seo. |
| Rochtain ag ábhar | Is é **'rochtain ag ábhar'** an ceart atá ag an ábhar sonraí chun faisnéis áirithe a fháil ón rialaitheoir sonraí, ar iarraidh sin, a bhaineann lena s(h)onraí pearsanta a phróiseáil. |
| Údaráis Maoirseachta | Is é **'an tÚdarás Maoirseachta'** an comhlacht náisiúnta atá freagrach as cosaint sonraí. Is é an t-údarás maoirseachta don Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige an Coimisiún Cosanta Sonraí.<br>Féach www.dataprotection.ie |
| Scóip chríche | Áirítear le **'scóip chríche'** an RGCS an Limistéar Eorpach Eacnamaíochta (an LEE – gach ceann de 28 ballstát an AE), an Íoslainn, Lichtinstéin, agus an Iorua ina measc, agus ní áirítear an Eilvéis leis. |
| Tríú páirtí | Is ionann **'tríú páirtí'** agus aon duine nádúrtha nó dlíthiúil, údarás poiblí, gníomhaireacht, nó aon chomhlacht eile seachas an t-ábhar sonraí, an rialaitheoir, an próiseálaí, agus na daoine atá údaraithe chun na sonraí a phróiseáil faoi údarás díreach an rialaitheora nó an phróiseálaí. |
| Aistriú | Tá sonraí pearsanta **'a aistriú'** chuig tíortha lasmuigh den LEE nó chuig eagraíochtaí idirnáisiúnta faoi réir srianta. Ní gá sonraí a iompar go fisiciúil chun é a aistriú, mar shampla, b'ionann amharc ar shonraí atá á n-óstáil i láthair eile agus aistriú chun críocha an RGCS. |